NCCA

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

An Creat don Luath-Fhoghlaim

Príomhtheachtaireachtaí na bPáipéar Cúlra

Samhain 2008

Réamhrá

In Éirinn is éard atá i gceist leis an luath-óige ná an tréimhse idir breith agus sé bliana. Le linn na tréimhse seo, féadfaidh leanaí am a chaitheamh i suíomhanna difriúla agus féadfaidh daoine fásta cineálacha difriúla cur chuige a úsáid chun cabhrú leo foghlaim agus forbairt. Cabhraíonn an éagsúlacht seo le riachtanais dhifriúla leanaí agus a dteaghlaigh a chomhlíonadh ag amanna difriúla ina saol.

Tá Éire athraithe go mór le blianta beaga anuas. Bíonn teaghlaigh níos lú, leis an mbeirt tuismitheoirí ag obair i go leor cásanna. Tá éagsúlacht níos mó sa daonra ná mar a bhí riamh. Tá athruithe ar bheartas agus ar reachtaíocht (Tábla 1). Aibhsíonn na forbairtí seo an tábhacht a bhaineann le ceart an linbh chun deiseanna foghlama agus forbartha atá bunaithe ar a gcuid spéiseanna, láidreachtaí, cultúr, agus a gcuid riachtanas ar leith. Tá ról tábhachtach ag *An Creat don Luath-Fhoghlaim* chun na deiseanna seo a thabhairt do leanaí.

Tábla 1: Forbairtí beartais agus reachtacha

- an tAcht um Chúram Leanaí (1991)
- na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (1996, 2006)
- gur dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (1992)
- an Straitéis Náisiúnta Leanaí (2000)
- an Polasaí Náisiúnta Súgartha (2003)
- *Síolta*, an Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige (2006)
- reachtaíocht maidir le hoideachas, agus maidir le riachtanais agus cearta leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (1998, 2004, 2005)

Athbhreithniú ar an taighde

Tá achoimre déanta ar mórán den taighde a úsáideadh chun *An Creat don Luath-Fhoghlaim* a fhorbairt le fáil i gceithre pháipéar cúlra:

1. Perspectives on the Relationship Between Education and Care in Early Childhood (Hayes, 2007)
2. Children’s Early Learning and Development (French, 2007)

3. Play as a Context for Early Learning and Development (Kernan, 2007)
4. Supporting Children's Early Learning and Development Through Formative Assessment (Dunphy, 2008).

Tá na páipéir seo ar láithreán gréasáin an CNCM ag www.ncca.ie/backgroundpapers. Déanann an lámhleabhar seo achoimre ar gach ceann de na páipéir chúlra agus tá forléargas ar na príomhtheachtaireachtaí ann.

Páipéar 1: An caidreamh idir an oideachas agus cúram

In *Perspectives on the Relationship Between Education and Care in Early Childhood* (Hayes, 2007) pléitear conas a chruthaíonn forbairt na n-earnálacha oideachais agus cúram leanaí in Éirinn mar earnálacha 'ar leith' dúshláin maidir le hobair i dtreo soláthar d'ardchaighdeán sna blianta luatha. Scrúdaítear sa pháipéar freisin an chiall atá le 'oideachas' agus le 'cúram' agus moltar ann conas gur féidir cothromaíocht níos fearr a bhaint amach eatarthu.

Ceann de na teachtaireachtaí tábhachtacha sa pháipéar ná go bhféadfaidh foghlaim agus forbairt tarlú nuair atá gnáthaimh agus caidrimh chúraim laethúla ar bun. Tugann an páipéar seo 'oideolaíocht oiliúnach' ar an gcur chuige seo, a leagann béim ar mhothúcháin agus ar chlaontaí leanaí, amhail inspreagadh, muinín, buanseasmhacht, agus conas mar a fhéachann siad orthu féin mar fhoghlaimeoirí. Cothaíonn sí scileanna cumarsáide, smaointeoireachta agus réiteach fadhbanna.

Leagtar béim sa pháipéar ar ról lárnach an duine fásta maidir le hoideolaíocht oiliúnach. Spreagann sé/sí idirghníomhaíochtaí agus iompair, taiscéalaíocht, comhráite, agus foghlaim chomhoibritheach atá spraíúil. Breathnaíonn an duine fásta ar fhocail agus ar ghníomhartha leanaín agus agus déanann sé/sí machnamh orthu. Tá sé seo riachtanach chun deiseanna foghlama a phleanáil don todhchaí.

Go hachomair, leagtar béim sa pháipéar ar na torthaí dearfacha do leanaí a eascraíonn as timpeallachtaí luath-fhoghlama atá pleanáilte go maith, le cothromaíocht idir cúram agus oideachas, timpeallachtaí a bhfuil foireann dea-oilte, mhuiníneach, thacaithe iontu.

Páipéar 2: Luath-fhoghlaim agus luath-fhorbairt

Cuireann an páipéar *Children's Early Learning and Development* (French, 2007) síos ar leanaí mar fhoghlaimeoirí atá in ann roghanna agus cinntí a dhéanamh, agus a fhoghlaimíonn óna chéile agus lena chéile sa bhaile, i suíomhanna luath-óige, agus ina bpobail. Trí na caidrimh dhifriúla seo, foghlaimíonn leanaí faoin saol mórthimpeall orthu. Bíonn muinín, meas, grá, agus cúram mar chroílár na gcaidreamh a chuireann ar chumas leanaí fás, foghlaim agus forbairt. Cuirtear luach ar dheiseanna ar chomhoibriú, spraoi, réiteach fadhbanna, agus réiteach coinbhleachta.

Teachtaireacht eile sa pháipéar ná go ndéanann leanaí naisc i gcónaí idir a bhfoghlaim nua agus an méid ar fhoghlaim siad roimhe sin. Tarlaíonn roinnt mhaith den fhoghlaim seo trí chaint, idirghníomhú agus shúgradh le daoine eile. Ag baint úsáide astu sin, tógann leanaí braistint féiniúlachta, agus muintearais, lena dteaghlach, lena suíomhanna agus lena bpobail. Foghlaimíonn siad óna chéile, agus smaoiníonn siad ar, agus foghlaimíonn siad ó, éifeachtaí a gcuid gníomhartha agus a gcuid focal. Úsáideann siad a gcuid céadfaí, a ngníomhaíocht fhisiceach, a samhlaíocht, agus a gcruthaitheacht. Cuireann ionaid dhúshlánacha agus shuimiúla laistigh agus lasmuigh, ar féidir leo iad a iniúchadh, lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt. Tá cothromaíocht idir gníomhaíochtaí a thionscnaíonn daoine fásta agus a thionscnaíonn leanaí sna háiteanna seo tábhachtach.

De réir na taighde a gcuireann an páipéar seo i láthair, cuirtear leis an bhfoghlaim nuair a chomhoibríonn tuismitheoirí/an teaghlach agus suíomh na luath-óige le chéile. Féadfaidh tuismitheoirí feabhas a chur ar inspreagadh a gcuid leanaí chun foghlama trí pháirt a ghlacadh i luath-fhoghlaim a gcuid leanaí.

Go hachomair, leagtar béim sa pháipéar seo ar fhoghlaim ghníomhach, ar chaidrimh, shúgradh, theanga, agus eispéiris bhríocha mar thosaíochtaí chun tacú le luath-fhoghlaim agus luath-fhorbairt leanaí.

Páipéar 3: Súgradh

Míníonn an páipéar *Play as a Context for Early Learning and Development* (Kernan, 2007) go bhfuil an ceart ag leanaí ón mbreith go dtí sé bliana d'aois am agus spás a bheith acu chun súgradh agus chun leas a bhaint as a gcuid eispéireas súgartha. Tá súgradh toilteanach, spontáineach agus bríoch. Agus iad ag súgradh, féadfaidh leanaí

staideanna difriúla a iniúchadh agus féadfaidh siad dul sa tseans laistigh de theorainneacha atá slán agus sábháilte. Is féidir leo díriú ar feadh tréimhsí fada freisin. Is minic a bhíonn súgradh an-sóisialta ar fad — baineann leanaí sult as súgradh le leanaí eile agus le daoine fásta eile. Thar aon ní eile, baintear craic as súgradh agus is cuid thábhachtach d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí é.

Tagraíonn an páipéar seo do na cineálacha éagsúla súgartha atá ann — taiscéalaíoch, cruthaitheach, soch-dhramatúil, fisiciúil, súgradh ina bhfuil cur i gcéill, tógáil nó fantaisíocht i gceist, agus súgradh teanga agus focal. Teachtaireacht eile sa pháipéar seo ná go bhféadfaidh an timpeallacht fhisiciúil, agus na daoine agus na nithe inti, agus an t-am atá ar fáil tionchar mór a bheith acu ar conas mar a imríonn leanaí agus d'fhéadfadh tionchar mór a bheith acu ar na leasanna a bhaineann siad as súgradh. Féadfaidh tionchar a bheith ag tréithe agus cúlra aonair na leanaí ar an rud a imríonn siad agus conas mar a imríonn siad.

Cuireann an páipéar síos ar ról tábhachtach an duine fásta. Athraíonn súgradh de réir mar a fhásann agus mar a fhorbraíonn leanaí, agus ba cheart go n-athródh ról an duine fásta leis. Mar shampla, féadfaidh an duine fásta aitheanta bonn fisiciúil agus mothúcháin a chur ar fáil a spreagann leanbáin agus mamailínigh óga chun taiscéaladh a dhéanamh. Féadfaidh sé/sí deiseanna a thabhairt a spreagann na mamailínigh chun gluaiseachta nó a chuireann deiseanna ar fáil do leanaí óga róil a ghlacadh nó cur i gcéill a imirt. Chun tacú le súgradh an linbh agus chun é a shíneadh, breathnaíonn an duine fásta oilte ar, éisteann sé/sí le, agus léirmhíníonn sé/sí súgradh an linbh. Cuireann sé/sí spásanna suimiúla agus dúshlánacha laistigh agus lasmuigh ar fáil ina bhfuil neart ama le haghaidh súgartha. Caithfear an tábhacht a bhaineann le súgradh a mhíniú do thuismitheoirí freisin.

Go hachomair, bíonn tionchar dearfach ag eispéiris súgartha atá ar chaighdeán maith ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an linbh.

Páipéar 4: Measúnú foirmitheach

Cuireann an páipéar *Supporting Children's Early Learning and Development Through Formative Assessment* (Dunphy, 2008) síos ar mheasúnú mar bhailiú, dhoiciméadú, mhachnamh ar, agus úsáid faisnéise chun portráidí leanaí mar fhoghlaimeoirí a fhorbairt.

Cabhraíonn measúnú foirmitheach le daoine fásta 'feiceáil' céard atá leanaí ag smaoineamh agus ag mothú, agus céard a thuigeann siad agus céard gur féidir leo a dhéanamh. Úsáideann an duine fásta an fhaisnéis ón measúnú chun eispéiris foghlama amach anseo a phleanáil, agus chun foghlaim a dhéanamh suimiúil agus rathúil le haghaidh leanaí.

De réir an pháipéir, ba cheart don mheasúnú díriú ar fhorbairt chlaontaí an linbh (lena n-áirítear mar a théann siad i ngleic le foghlaim), chomh maith le dearcadh, luachanna, scileanna, eolas, agus tuiscintí. Tarlaíonn measúnú mar chuid de ghníomhaíochtaí, thascanna agus ghnáthaimh laethúla. Bíonn sé íogair i dtaobh leanaí agus bíonn meas ann orthu. Ar an mbealach sin, léiríonn an páipéar conas mar a thaispeánann measúnú saibhreas fhoghlaim agus fhorbairt an linbh, agus sainaithníonn sé gnéithe de a d'fhéadfadh leas a bhaint as níos mó airde a thabhairt orthu agus as soláthar tacaí ar leith. Déanann an duine fásta measúnú trí bhreathnú, trí éisteacht, trí labhairt le, agus trí ionbhá a léiriú le leanaí. De réir a chéile, is féidir leanaí a spreagadh chun a bhfoghlaim féin a mheasúnú.

Tagraíonn an páipéar seo don chur chuige insinte — ag cur síos ar an luath-fhoghlaim trí úsáid a bhaint as nótaí, as scéalta, as samplaí de 'obair' agus as grianghraif. Cuireann a leithéid bealach ar fáil chun pictiúr saibhir den luath-fhoghlaim agus den luath-fhorbairt a thógáil de réir a chéile. Leagtar béim sa pháipéar seo ar conas gur féidir leis an gcur chuige seo a bheith dúshlánach, ach sásúil ag an am céanna.

Go hachomair, leagtar béim sa pháipéar ar thábhacht an mheasúnaithe chun tacú le luath-fhoghlaim agus luath-fhorbairt leanaí. Bonn maith i gcomhair measúnaithe mhaith is ea tuiscint ar conas mar a fhoghlaimíonn agus a fhorbraíonn leanaí, rud a bhíonn chun leasa leanaí agus daoine fásta araon.

Comh-theachtaireachtaí sna páipéir ar fad

Céard a insíonn an taighde dúinn mar sin faoi chabhrú le leanaí chun foghlama agus chun forbartha le linn na luath-óige anseo in Éirinn? Úsáideann an chuid seo den pháipéar dhá cheist chun príomhtheachtaireachtaí a shainiú ó na páipéir chúlra. Tagann

roinnt de na teachtaireachtaí ó pháipéir aonair, agus tá roinnt eile acu coiteann i roinnt de na páipéir.

Céard a insíonn an taighde dúinn maidir le leanaí mar fhoghlaimeoirí sa luath-óige?

- Is foghlaimeoirí inniúla, muiníneacha agus cumasacha iad leanaí, atá in ann roghanna agus cinntí a dhéanamh.
- Is aoibhinn leo foghlaim faoina saol féin — cén fáth a dtarlaíonn rudaí agus conas a tharlaíonn rudaí ar an mbealach a tharlaíonn siad. Déanann leanaí é seo trí idirghníomhú le daoine agus le rudaí in áiteanna difriúla.
- Foghlaimíonn leanaí
  - trína gcéadfaí — radharc, éisteacht, blaiseadh, tadhall, agus boladh
  - trí 'rudaí a dhéanamh'
  - trí shúgradh
  - trí theanga a úsáid
  - i dtimpeallachtaí laistigh agus lasmuigh atá suimiúil agus dúshlánach
  - nuair a bhraitheann siad go bhfuil siad slán agus go bhfuil grá ag daoine dóibh.
- Am tábhachtach atá sa luath-óige le forbairt a dhéanamh ar chumas leanaí feidhliú, rioscaí a thógáil agus fadhbanna a réiteach, le muinín agus neamhspleáchas a fhorbairt, le húsáid a bhaint as a bhfiosracht nádúrtha, agus lena bhféiniúlacht mar fhoghlaimeoirí a fhorbairt.

Céard iad na toscaí is tábhachtaí mar sin chun torthaí foghlama dearfacha a chruthú do leanaí le linn na luath-óige?

- Idirghníomhaíochtaí ar ardchaighdeán le leanaí, le daoine fásta, le nithe, agus le háiteanna
- Timpeallacht atá saibhir ó thaobh na teanga de a spreagann súgradh, taiscéalaíocht, comhráite agus comhoibriú idir daoine fásta agus leanaí agus idir leanaí agus leanaí eile

- Cothromaíocht idir gníomhaíochtaí a thionscnaíonn daoine fásta agus a thionscnaíonn leanaí
- Súgradh agus eispéiris phearsanta laistigh agus lasmuigh
- Daoine fásta a bhreathnaíonn ar leanaí, a léiríonn ionbhá leo, agus a labhraíonn leo
- Naisc agus dul chun cinn i bhfoghlaim a aithint, de réir mar a bhogann leanaí ó shuíomh amháin go suíomh eile
- Caidrimh thacaíochta idir tuismitheoirí agus suíomhanna.

Chun é seo a bhaint amach, teastaíonn daoine fásta ó leanaí

- a bhfuil meas acu ar leanaí mar fhoghlaimeoirí óga
- atá muiníneach agus eolasach ar conas mar a fhoghlaimíonn agus a fhorbraíonn leanaí
- a thuigeann an tionchar atá ag a dtuairimí agus ndearcadh ar leanaí
- a bhfuil meas acu ar an éagsúlacht i measc leanaí agus i measc a gcuid teaghlach.

Tá forbairt ghairmiúil thosaigh agus leanúnach, agus meantóireacht agus tacaíocht do dhaoine fásta a oibríonn le leanaí bunriachtanach mar sin.

Mhúnlaigh na príomhtheachtaireachtaí seo *An Creat don Luath-Fhoghlaim*, lena n-áirítear sainiú na ceithre téamaí: *Folláine/Leas páistí, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht.* Bealach atá sna téamaí chun foghlaim agus forbairt leanaí a phleanáil ionas gur féidir leo leas a bhaint as eispéiris dhearfacha agus shásúla i mblianta a luath-óige.

Tagairtí

An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (2006), *Síolta, an Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige,* Baile Átha Cliath: CECDE.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1998), *An tAcht Oideachais,* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Sláinte agus Leanaí (1991), *an tAcht um Chúram Leanaí*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Sláinte agus Leanaí (2000), *Our Children, Their Lives: The National Children's Strategy*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Sláinte agus Leanaí (2004), *The Education of Persons with Special Educational Needs Act*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Sláinte agus Leanaí (1996), *Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile)*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Sláinte agus Leanaí (2006), *Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2),* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Sláinte agus Leanaí (2005), *an tAcht um Míchumas 2005*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Dunphy, L. (2008), *Supporting Children's Early Learning and Development Through Formative Assessment,* Páipéar Cúlra don Chreat don Luath-Fhoghlaim, Baile Átha Cliath: an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. ncca.ie/backgroundpapers

French, G. (2007), *Children's Early Learning and Development,* Páipéar Cúlra don Chreat don Luath-Fhoghlaim, Baile Átha Cliath: an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. ncca.ie/backgroundpapers

Hayes, N. (2007), *Perspectives on the Relationship Between Education and Care in Early Childhood,* Páipéar Cúlra don Chreat don Luath-Fhoghlaim, Baile Átha Cliath: an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. ncca.ie/backgroundpapers

Kernan, M. (2007), *Play as a Context for Early Learning and Development*, Páipéar Cúlra don Chreat don Luath-Fhoghlaim, Baile Átha Cliath: an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. ncca.ie/backgroundpapers

Oifig Náisiúnta na Leanaí (2004), *'Bí ag Súgradh!' Polasaí Náisiúnta Súgartha,* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine (1989), *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh*, an Ghinéiv: Na Náisiúin Aontaithe.